# An bhfuil Áitreabh á Bhogadh Agat?

## Úsáid ár Seirbhís Atreoraithe chun post a sheoladh ar aghaidh chuig do sheoladh nua.

**Is mian linn an saol a dhéanamh chomh héasca agus is féidir duit ag an am gnóthach seo. Ní gá duit ach an fhoirm áirithinte seo a líonadh chun do phost a atreorú chuig d'áitreabh nua.**

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Tabhair an fhoirm líonta agus aon cháipéisíocht tacaíochta agus an táille isteach go haon Oifig an Phoist

**nó**

Seol an fhoirm, agus an íocaíocht (seic nó sonraí cárta Creidmheasa/Dochair amháin) sa phost go díreach chuig An Post, An tAonad Atreoraithe, Urlár na Talún, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Saorphost, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 (Ní féidir leat airgead tirim a sheoladh sa phost).

**Tabhair faoi deara: teastaíonn fógra ar a laghad 5 lá oibre**

**Táillí Gnó le haghaidh Atreorú go dtí:**

| | Gnólacht - in Éirinn | Gnólacht - Thar Lear |
|---|---|---|
| **A fhaide le 1 mhí** | €95 do gach ainm gnólachta | €130 do gach ainm gnólachta |
| **A fhaide le 3 mhí** | €220 do gach ainm gnólachta | €300 do gach ainm gnólachta |
| **A fhaide le 6 mhí** | €320 do gach ainm gnólachta | €440 do gach ainm gnólachta |
| **A fhaide le 12 mhí** | €440 do gach ainm gnólachta | €595 do gach ainm gnólachta |

## TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

**Baineann na Téarmaí agus Coinníollacha seo le hiarratas a dhéanamh ar Sheirbhís Atreoraithe Gnó An Post (dá dtagraítear anseo feasta mar "an tSeirbhís").**

**Tagraíonn "Tú" agus "Do" sna Téarmaí agus Coinníollacha seo don iarratasóir/na hiarratasóirí don tSeirbhís agus tagraíonn "Sinn", "Muid" agus "Ár" do An Post, a bhfuil a oifig chláraithe ag Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.**

1. Níl an tSeirbhís ar fáil ach chun post gnó a atreorú atá Tú i dteideal a fháil. Deimhníonn Tú gurb é an seoladh nua a luaitear ar an iarratas seo Do sheoladh fíor agus ceart.
2. a. Nuair is cuideachta theoranta an custaiméir, caithfidh rúnaí na cuideachta agus ar a laghad stiúrthóir amháin eile na cuideachta an fhoirm seo a shíniú.
   b. Nuair is comhpháirtíocht nó comhlachas an custaiméir, teastaíonn síniú gach comhpháirtí nó comhlaigh (má theastaíonn bileog ar leith dó seo caithfear í a cheangal leis an gcáipéis seo agus caithfidh na comhpháirtithe nó comhlaigh síniú faoin ráiteas seo thíos: 'Léamar agus aontaímid le téarmaí agus coinníollacha Sheirbhís Atreoraithe Gnó An Post atá ar ceangal.
   c. Nuair is trádálaí aonair an t-iarratasóir, caithfidh an trádálaí aonair an t-iarratas a shíniú.
   d. Nuair is éard atá san iarratasóir ná gnólacht nó eagraíocht de shaghas éigin, seachas iad siúd a luaitear thuas, nó nuair is comhlachas neamhchorpraithe nó institiúid oideachais nó chúraim sláinte iad, beidh cruthúnas oiriúnach cáipéisíochta ag teastáil Uainn i leith theidlíocht agus údarás an iarratasóra chun an post a atreorú.
3. Caithfear ainm na cuideachta nó an ghnóthais a thaispeáint in áit bhuan agus fheiceálach ag an seoladh nua sular féidir Linn an post a atreorú chuig an seoladh nua.
4. Teastóidh fógra ar a laghad cúig lá oibre uainn chun an tSeirbhís a chur i bhfeidhm.
5. Cuirtear moill ar a laghad lá oibre amháin ar phost atreoraithe a sheachadadh.
6. Cuirtear lipéad nua seolta ar gach earra nó púitse a atreoraítear. Mura féidir an t-earra a sheachadadh, is féidir é a sheoladh ar ais chuig an té a sheol agus an lipéad seolta nua air.
7. Seachas i gcás atreorú sealadach, nuair a éagfaidh an tSeirbhís, is féidir an post go léir a seoladh chuig do sheanseoladh a sheachadadh chuig an seoladh atá ar an bpost nó is féidir é a sheoladh ar ais chuig an té a sheol, i gcomhréir lenár nósanna imeachta oibríochtúla.
8. Más mian Leat an tSeirbhís a chealú, caithfidh Tú é sin a dhéanamh i scríbhinn. Ní aisíocfaimid an táille má chealaíonn Tú an tSeirbhís tar éis gur cuireadh tús léi.
9. Má cuireadh seoladh breis agus seolaí amháin ar phost agus murar iarr ach duine de na seolaithe an tSeirbhís, Déanfaimid an post a sheachadadh chuig an seoladh atá air agus ní Atreoróimid é murach go n-aontaíonn an dá pháirtí i scríbhinn go nglacfaidh duine díobh, nó tríú páirtí, leis.
10. Ní atreorófar earraí a sheoltar a d'úsáid Seirbhís Beartán An Post (Post Cúiréara san áireamh).
11. Níl an tSeirbhís ar fáil ach chun na nithe seo a leanas a atreorú:
    - Post a sheoltar go háiteanna cónaithe;
    - Post ó phointe seachadta a roinneadh le cuideachtaí eile sa chás nach mbeadh atreorú indéanta nó praiticiúil;
    - Post a sheoltar go Bosca Oifige Poist.
12. Ní atreoróidh An Post post cuideachta a stop ag trádáil ach nuair a ghabhann litir ó aturnae nó cuntasóir na cuideachta leis an bhfoirm atreoraithe ina luaitear:
    a. stop an chuideachta ag trádáil
    b. tá údarás iomlán ag na hiarratasóirí chun post na cuideachta a fháil
    c. tá údarás iomlán ag an aturnae nó an cuntasóir chun an ionadaíocht a dhéanamh
    d. is é an seoladh nua seoladh fíor agus ceart an iarratasóra
    e. aontaíonn Rúnaí na Cuideachta agus gach duine de Stiúrthóirí na Cuideachta leis an atreorú.
13. Ní atreoróidh An Post post cuideachta faoi leachtú ach nuair a ghabhann cóip d'Fhógra Ceapacháin Leachtaitheora leis an bhfoirm atreoraithe.
14. Ní atreoróidh An Post post cuideachta faoi ghlacadóireacht ach nuair a ghabhann cóip de Ghníomhas Ceapacháin nó litir ó aturnae an ghlacadóra ina ndeimhnítear go bhfuil an t-údarás ag an nglacadóir an post atreoraithe a fháil.
15. Tá an ceart ar cosaint againn an tSeirbhís a dhiúltú nó scor den tseirbhís a sholáthar faoinár lánrogha féin, nuair nach féidir an tSeirbhís a chur i bhfeidhm, ach gan bheith teoranta dó sin amháin. Sa chás seo, aisíocfaidh An Post an táille a íocadh don tSeirbhís ach ní bheidh aon dliteanas breise air.
16. Do Shlánaíocht: Mar chúiteamh ar an tSeirbhís a sholáthar slánóidh Tú Sinn agus Coimeádfaidh Tú Sinn slánaithe go hiomlán agus go héifeachtach ar éileamh ó agus in aghaidh aon chaillteanas, éileamh, díobhála, costas, táillí, dliteanas, éileamh, imeachtaí agus gníomhartha a bhféadfaimis a bheith thíos leo nó a thabhú, nó a d'fhéadfadh aon duine a thionscnamh nó a thosú inár n-aghaidh, a d'fhéadfadh eascairt in aon chás as nó maidir le nó mar gheall ar an úsáid a bhaineann Tú as an tSeirbhís.
17. Tá an comhaontú seo á rialáil ag dlíthe na hÉireann agus tá sé faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann.
18. Teorainn ar Dhliteanas: Tá ár ndliteanas d'aon chaillteanas nó díobháil dhíreach a eascraíonn as an gconradh seo teoranta don táille a íocadh don tSeirbhís. Ní bheimid faoi dhliteanas, in aon chás, as aon chaillteanas nó díobháil iarmhartach nó indíreach, caillteanas ioncaim, brabúis, úis, fóntais nó caillteanas margaidh san áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh, a thiocfaidh aníos ar bhealach ar bith maidir leis an tSeirbhís.


**Má bhíonn ceist agat, seol ríomhphost chugainn ag:**
**redirections.centre@anpost.ie**
**glaoigh orainn ar 01 705 7600**
**nó**
**scríobh chugainn ag:**
**An Post**
**An tAonad Atreoraithe**
**Urlár na Talún**
**Ard-Oifig an Phoist**
**Sráid Uí Chonaill Íochtarach**
**Saorphost**
**Baile Átha Cliath 1**
**D01 F5P2**

02/24

Atreorú Gnó

an post commerce

An bhfuil áitreabh á bhogadh agat? Cinntigh go mbogann do phost leat.



Líon an fhoirm i mBLOCLITREACHA. Teastóidh fógra ar a laghad cúig lá oibre uainn chun Seirbhís Atreoraithe a chur i bhfeidhm.

## Cuid 1 - CÚISEANNA LEIS AN TSEIRBHÍS A CHUR IN ÁIRITHE AGUS FAD NA SEIRBHÍSE (Cuir tic sa bhosca cuí)

Uimhir Thagartha:

An bhfuil an tAtreorú seo: ☐ Buan ☐ Sealadach

An dáta tosaithe a iarrtar◊ LL | MM | BB

Más sealadach, sonraigh an dáta deiridh LL | MM | BB

☐ Ag bogadh áitribh ☐ Stop an chuideachta ag trádáil† ☐ Tá an chuideachta faoi ghlacadóireacht† ☐ Tá an chuideachta faoi leachtú† ☐ Eile†

Teastaíonn an tseirbhís ar feadh: ☐ 1 mhí ☐ 3 mhí ☐ 6 mhí ☐ 12 mhí

†Féach na Téarmaí agus Coinníollacha – teastaíonn cáipéisíocht bhreise. ◊Teastóidh fógra ar a laghad cúig lá oibre uainn chun Seirbhís Atreoraithe a chur i bhfeidhm.

## Cuid 2 - SONRAÍ AINM AN GHNÓLACHTA Cuir giorrúchá(i)n san áireamh a bhaineann le hainm do ghnólachta.

Ainm na Cuideachta/an Ghnólachta

Ag trádáil mar

Giorrúchán Ainm na Cuideachta/an Ghnólachta

Uimhir theagmhála

Ríomhphost

## Cuid 3 - TEASTAÍONN ÚDARÚ AGUS SONRAÍ TEAGMHÁLA (Cuirfidh údarú mícheart nó neamhiomlán moill ar an bpróiseas iarratais.)

Teastaíonn **sínithe** Rúnaí na Cuideachta agus Stiúrthóra amháin do Chuideachta Theoranta. I gcás Trádálaí Aonair, Comhpháirtíochta nó Comhlachais nó saghas eile gnólachta, féach Pointe 2 sna Téarmaí agus Coinníollacha.

☐ Cuideachta Theoranta ☐ Trádálaí Aonair ☐ Comhpháirtíocht* ☐ Roinn Rialtais ☐ Comhlachas ☐ Eile∆ (sonraigh)

Teideal Uasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Eile

Ainm

Sloinne

Post

Síniú 1

Teideal Uasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Eile

Ainm

Sloinne

Post

Síniú 2

* Teastaíonn sínithe na gcomhpháirtithe/gcomhlach go léir. Is féidir 2 shíniú, ar a mhéid, a chur san áireamh ar an bhfoirm seo. Ceangail bileog ar leith leis na hainmneacha breise faoi bhun an ráitis seo a leanas: Léamar agus aontaímid le téarmaí agus coinníollacha Sheirbhís Atreoraithe Gnó An Post atá ar ceangal.
† Teastaíonn dhá shíniú údaraithe ar an leibhéal cuí. Déan teagmháil le Seirbhísí do Chustaiméirí chun teacht ar eolas breise.
∆ Teastaíonn síniú údaraithe ar an leibhéal cuí. Déan teagmháil le Seirbhísí do Chustaiméirí chun teacht ar eolas breise.

## Cuid 4 - SONRAÍ SEOLTA Ní féidir aon athruithe a dhéanamh a luaithe a tosaíodh an tSeirbhís Atreoraithe.

**Sonraí faoin seanseoladh**

Seoladh 1

Seoladh 2

Seoladh 3

Seoladh 4

Contae Éirchód

**An bhfuil ainm na cuideachta nó an ghnólachta (ar seoladh an post chuige i dtosach) ar taispeáint go feiceálach agus go buan ag an seoladh nua?** (Mura bhfuil, beidh ort **litir shlánaíochta a shíniú** a sheolfaimid chugat). ☐ Tá ☐ Níl

**Sonraí faoin seoladh nua**

Seoladh 1

Seoladh 2

Seoladh 3

Seoladh 4

Contae Éirchód

Tír

☐ Más mian leat go n-úsáidfear na sonraí faoi do sheoladh nua lenár mbunachar sonraí Ceadúnas Teilifíse a nuashonrú, atá á rialú agus á oibriú ag An Post, cuir tic leis an bosca anseo.

## Cuid 5 - SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA Nóta: Teastóidh fógra ar a laghad cúig lá oibre uainn chun Seirbhís Atreoraithe a chur i bhfeidhm.

**Modh íocaíochta:** ☐ Seic ☐ Oifig an Phoist ☐ Cárta Creidmheasa/Dochair (Líon na sonraí thíos)

**Is féidir leat íoc as an tseirbhís seo le hairgead tirim, seic nó cárta Dochair ag Oifig an Phoist (caithfidh tú an fhoirm líonta a thabhairt leat). Is féidir leat an fhoirm líonta a sheoladh sa phost go díreach chuig an Aonad Atreoraithe le seic nó trí na sonraí cárta creidmheasa/dochair sa mhír thíos a líonadh.**

Ainm Shealbhóir an Chárta

Saghas an Chárta: ☐ VISA ☐ Mastercard® Uimhir an Chárta

Dáta Éaga MM | BB

Digití Luach Fíoraithe an Chárta (CCV)

00001 000001003038 0000001 934348